Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 25 Aibreán 2023**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0105(COD)**

**8624/23**
**ADD 3**

**FOOD 30**
**DENLEG 22**
**CODEC 670**
**AGRILEG 74**
**SAN 203**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 21 Aibreán 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2023) 98 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR Athbhreithniú ar chaighdeáin mhargaíochta an Aontais le haghaidh táirgí talmhaíochta chun glacadh agus soláthar táirgí inbhuanaithe a áirithiú a ghabhann leis an doiciméad TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 2001/110/CE ón gComhairle maidir le mil, Treoir 2001/112/CE ón gComhairle maidir le súnna torthaí agus táirgí cosúla áirithe a ceapadh lena gcaitheamh ag an duine, Treoir 2001/113/CE ón gComhairle maidir le subha torthaí, glóthacha agus marmaláid agus *purée* castáin milsithe a ceapadh lena gcaitheamh ag an duine agus Treoir 2001/114/CE ón gComhairle maidir le bainne leasaithe atá díohiodráitithe go páirteach nó go hiomlán a ceapadh lena gcaitheamh ag an duine |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2023) 98 final.

Faoi iamh: SWD(2023) 98 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 21.4.2023
SWD(2023) 98 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

**ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR**

**Athbhreithniú ar chaighdeáin mhargaíochta an Aontais le haghaidh táirgí talmhaíochta chun glacadh agus soláthar táirgí inbhuanaithe a áirithiú**

***a ghabhann leis an doiciméad***

**TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Treoir 2001/110/CE ón gComhairle maidir le mil, Treoir 2001/112/CE ón gComhairle maidir le súnna torthaí agus táirgí cosúla áirithe a ceapadh lena gcaitheamh ag an duine, Treoir 2001/113/CE ón gComhairle maidir le subha torthaí, glóthacha agus marmaláid agus *purée* castáin milsithe a ceapadh lena gcaitheamh ag an duine agus Treoir 2001/114/CE ón gComhairle maidir le bainne leasaithe atá díohiodráitithe go páirteach nó go hiomlán a ceapadh lena gcaitheamh ag an duine**

{COM(2023) 201 final} - {SEC(2023) 162 final} - {SWD(2023) 97 final}

Is forálacha reatha de dhlí reachtúil an Aontais iad caighdeáin mhargaíochta talmhaíochta. Tá siad ina gcuid den Chomhbheartas Talmhaíochta (CBT) agus leagtar síos iad sa Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Comheagrú na Margaí (CEM), i rialacháin thánaisteacha an Choimisiúin chomh maith le sna Treoracha Bricfeasta mar a ghairtear díobh. Ceanglaítear leo go n-urramóidh táirgí áirithe talmhaíochta agus bia ceanglais shonracha ionas gur féidir iad a chur ar an margadh go dleathach. Is minic a bhaineann na ceanglais sin le saintréithe táirge ach d'fhéadfadh baint a bheith acu freisin le tionscnamh, le modhanna táirgeachta, le substaintí a úsáidtear i dtáirgeadh nó le módúlachtaí a ghabhann leis amhail cur i láthair agus pacáistíocht táirge. Is éard atá in aicme áirithe caighdeáin mhargaíochta, ar a dtugtar téarmaí roghnacha forchoimeádta, ná lipéid dheonacha (luachála).

Cumhdaíonn an t-athbhreithniú sin na caighdeáin mhargaíochta sin ar dealraitheach, de bhun thaithí an Choimisiúin le linn iad a chur i bhfeidhm chomh maith le de bharr na meastóireachta agus na gcomhairliúchán a rinneadh, go bhfuil gá le nuachóiriú, simpliú nó sofhreagarthacht mhéadaithe do bhreithnithe inbhuanaitheachta mar a leagtar síos i straitéis ón bhFeirm go dtí an Forc ón gCoimisiúin (F2F). Pléitear na caighdeáin shonracha mhargaíochta seo sa mheasúnú tionchair.

Tá caighdeáin mhargaíochta reachtaíochta ag reachtóir an Aontais ar an gcéad dul síos chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais eacnamaíocha na ngníomhaithe sa slabhra, lena n-áirítear tomhaltóirí na dtáirgí lena mbaineann. Ba cheart caighdeáin áirithe a choigeartú, a shimpliú nó a nuachóiriú chun leanúint de bheith oiriúnach don fheidhm. Go dtí seo bhí ról teoranta ag saincheisteanna sochaíocha, amhail inbhuaine comhshaoil nó leas ainmhithe. Scrúdaítear sa mheasúnú tionchair freisin an raon feidhme atá ann le haghaidh inbhuanaitheacht níos fearr faoi shainordú straitéis F2F. Tacaíonn sé le agus áirithíonn sé comhleanúnachas le gníomhaíochtaí cothrománacha F2F a bhaineann le hinbhuanaitheacht freisin, amhail an creat do chórais bia inbhuanaithe, lipéadú inbhuanaitheachta agus le hathbhreithniú ar an reachtaíocht um leas ainmhithe. Ní mholann an measúnú tionchair cur chuige inbhuanaitheachta a oireann do gach cás do na táirgí éagsúla atá i gceist agus ní dhéantar iarracht bonnlíne a bhunú a mbeadh feidhm aige ar fud na n-earnálacha. Braitheann na hargóintí ábhartha chun eolas a chur ar fáil don phlé ar chaighdeáin mhargaíochta chun críocha an mheasúnaithe tionchair agus, ar deireadh, ar na réitigh is fearr, ar mheasúnuithe cás ar chás atá bunaithe ar shainiúlachtaí eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil na dtáirgí atá i gceist.

Ní ghineann caighdeáin mhargaíochta caiteachas poiblí díreach ach amháin i gcás na gcóras rialaithe. Chun an luach atá ag caighdeáin mhargaíochta do na páirtithe leasmhara sa slabhra a chosaint, déantar rialuithe a chineachadh go ginearálta do na húdaráis náisiúnta. Níl coinne leis go mbeidh tionchar suntasach ag an athbhreithniú reatha ar bhuiséid náisiúnta.

Tá feidhm ag caighdeáin mhargaíochta maidir le táirgí intíre agus allmhairithe araon, rud a áirithíonn iomaíocht dhílis chun leasa na dtomhaltóirí agus na dtáirgeoirí. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh athruithe ar na caighdeáin difear a dhéanamh do tháirgeoirí agus allmhaireoirí tríú tír. Faoi rialacha EDT, ní mór athruithe ar chaighdeáin mhargaíochta a réamhfhógairt faoin gComhaontú ar Bhacainní Teicniúla ar Thrádáil. Féadfaidh siad difear a dhéanamh do shocruithe táirgeachta nó allmhairithe atá ann cheana, d'ainneoin go gcuirtear i bhfeidhm go cothrom iad ar tháirgeoirí intíre. Ba cheart go míneodh fógraí den sórt sin réasúnaíocht bheartais an athraithe in aghaidh na gcuspóirí atá mar bhonn taca faoi chaighdeáin mhargaíochta talmhaíochta. Ar an taobh eile, féadfaidh caighdeáin phoiblí

cosc, go dtí pointe áirithe, a chur ar iomadú caighdeán príobháideach agus an tionchar diúltach a bhíonn acu – uaireanta – ar tháirgeoirí i dtíortha i mbéal forbartha.